2024/1273

8.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1273 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2024

lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise, trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh,, agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Nós imeachta

(1) An 17 Lúnasa 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún [2] ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, agus chuir sé na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe. D'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1637 ón gCoimisiún [3] chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(2) Tionscnaíodh an t-imscrúdú i ndiaidh iarraidh a rinne an Bord Bithdhíosail Eorpach ('na hiarratasóirí').

(3) Bhí fianaise san iarraidh go bhfuil athrú ar an bpatrún trádála a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón Indinéis, ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas tar éis fhorchur na mbeart frithchúitimh atá ann faoi láthair, agus go n-eascraíonn an t-athrú sin as cleachtas nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas forchur na dleachta, is é sin cur chun bealaigh an táirge lena mbaineann tríd an tSín agus tríd an Ríocht Aontaithe chuig an Aontas. Thaispeáin an fhianaise freisin gur baineadh an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithchúitimh atá ann faoi láthair ar an táirge ó thaobh cainníochta agus praghsanna de leis an gcleachtas sin, agus go bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú agus/nó cuid de ag baint tairbhe i gcónaí as an bhfóirdheontas. Measadh gur leor an fhianaise chun imscrúdú a thionscnamh.

(4) Chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Ríocht Aontaithe agus allmhaireoirí ar an eolas, mar aon le hionadaithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Cuireadh tairgeoirí an táirge i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Ríocht Aontaithe ar an eolas faoin bhféidearthacht díolúine a iarradh dá bhféadfaidís a léiriú nach raibh siad ag gabháil do chleachtais imchéimnithe mar a shainmhínítear in Airteagal 23(3) 'den bhun-Rialachán'.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO L 317, 9.12.2019, lch. 42).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1637 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2023 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 204, 17.8.2023, lch. 3).

(5) Tugadh deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí tráchtála.

2. **An táirge lena mbaineann**

(6) Is éard atá sa táirge a mbaineann an t-imchéimniú féideartha leis eistir mhona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha arna bhfáil ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontais, i bhfoirm íon nó i gcumasc, arna n-aicmiú an dáta a tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 i bhfeidhm faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cóid TARIC 1516209821, 1516209829 agus 1516209830), ex 1518 00 91 (cóid TARIC 1518009121, 1518009129 agus 1518009130), ex 1518 00 95 (cód TARIC 1518009510), ex 1518 00 99 (cóid TARIC 1518009921, 1518009929 agus 1518009930), ex 2710 19 43 (cóid TARIC 2710194321, 2710194329 agus 2710194330), ex 2710 19 46 (cóid TARIC 2710194621, 2710194629 agus 2710194630), ex 2710 19 47 (cóid TARIC 2710194721, 2710194729 agus 2710194730), 2710 20 11, 2710 20 15, 2710 20 17, ex 3824 99 92 (cóid TARIC 3824999210, 3824999212 agus 3824999220), 3826 00 10 agus ex 3826 00 90 (cóid TARIC 3826009011, 3826009019 agus 3826009030) agus de thionscnamh na hIndinéise ('an táirge lena mbaineann'). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leis, is iad sin na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair.

(7) Is é atá sa táirge faoi imscrúdú an táirge a shainítear san aithris roimhe seo, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98, ex 1518 00 91, ex 1518 00 95, ex 1518 00 99, ex 2710 19 43, ex 2710 19 46, ex 2710 19 47, 2710 20 11, 2710 20 16, ex 3824 99 92, 3826 00 10 agus ex 3826 00 90, ach a chuirtear chun bealaigh ón tSín agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe é nó ná bíodh (cóid TARIC 1516209822, 1516209823, 1516209831, 1516209832, 1518009122, 1518009123, 1518009131, 1518009132, 1518009510, 1518009511, 1518009922, 1518009923, 1518009931, 1518009932, 2710194322, 2710194323, 2710194331, 2710194332, 2710194622, 2710194623, 2710194631, 2710194632, 2710194722, 2710194723, 2710194731, 2710194732, 2710201122, 2710201123, 2710201131, 2710201132, 2710201622, 2710201623, 2710201631, 2710201632, 2710201691, 2710201692, 3824999211, 3824999213, 3824999215, 3824999216, 3826001021, 3826001022, 3826001051, 3826001052, 3826001090, 3826001091, 3826009012, 3826009013, 3826009031 agus 3826009032) ('an táirge faoi imscrúdú').

3. **Aistarraingt na hiarrata agus nochtadh**

(8) I litir dar dáta an 19 Eanáir 2024, chuir na hiarratasóirí an Coimisiún ar an eolas gur mhian leo an t-iarratas a aistarraingt.

(9) Is le hAirteagal 14(1) den bhun-Rialachán a rialaítear aistarraingt gearáin frith-fhóirdheontais, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'i gcás ina ndéantar an gearán a aistarraingt, is féidir na himeachtaí a fhoirceannadh ach amháin mura mbeadh foirceannadh den chineál sin chun leasa an Aontais'. Mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta in *Philips Lighting Poland agus Philips Lighting v an Chomhairle* ([4]), bíonn rogha fhorleathan ag institiúidí an Aontais leanúint ar aghaidh le himscrúdú nó é a fhoirceannadh tar éis aistarraingthe.

(10) Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdaithe a léiríonn go mbeadh an foirceannadh i gcoinne leas an Aontais.

(11) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go mba cheart an t-imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, a fhoirceannadh. Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir sin agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a chur in iúl.

4. **Barúlacha maidir leis an nochtadh**

(12) Tar éis an nochta, fuair an Coimisiún barúlacha ó na hiarratasóirí agus ó Valero Energy Limited, cumascóir ón Ríocht Aontaithe.

([4]) Breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Philips Lighting Poland agus Philips Lighting v an Chomhairle*, T-469/07, ECLI:AE:T:2013:370, mír 87.

(13) Ina gcuid barúlacha, chuir na hiarratasóirí in iúl go bhfuil na cleachtais a líomhnaítear a bheith calaoiseach, sa tSín agus sa Ríocht Aontaithe araon, soiléir in earnáil an bhithdhíosail agus go bhfuil dlúthbhaint ag an gcomhrac i gcoinne cleachtas den sórt sin le leas an Aontais. Rinneadh tagairt d'Airteagal 325(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') ([5]) ina gceanglaítear ar an Aontas 'calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac […] agus a bheidh mar chosc agus a thabharfaidh cosaint éifeachtúil sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais'. Ina leith sin, d'iarr na hiarratasóirí ar an gCoimisiún gach iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar na cleachtais sin a líomhnaítear a bheith calaoiseach agus achoimre a nochtadh maidir leis na cleachtais a líomhnaítear a bheith calaoiseach arna n-aithint le linn na n-imeachtaí frith-imchéimniúcháin.

(14) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an t-imscrúdú faoi chaibidil á dhéanamh faoi Airteagal 23 den bhun-Rialachán, a bhfuil sé mar aidhm aige imscrúdú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh, agus ní an chalaois a chomhrac go ginearálta. Foráiltear le hAirteagal 325 CFAE sásraí eile chun an chalaois a chomhrac, agus baineann an Coimisiún úsáid astu de réir mar is iomchuí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún le hiarraidh na n-iarratasóirí.

(15) Thacaigh Valero Energy Limited le foirceannadh an imscrúdaithe a bhí beartaithe ag an gCoimisiún.

5. **Conclúid**

(16) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go mba cheart an t-imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithchúitimh arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise trí allmhairí bithdhíosail ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, a fhoirceannadh. Dá thoradh sin, ba cheart clárú na n-allmhairí sin trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1637 ón gCoimisiún a fhoirceannadh.

(17) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 25(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirceanntar leis seo an t-imscrúdú chun a chinneadh an bhfuil na bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 á n-imchéimniú le hallmhairí eistear mona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha arna bhfáil ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontais, i bhfoirm íon nó i gcumasc, a thagann isteach san Aontas agus a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98, ex 1518 00 91, ex 1518 00 95, ex 1518 00 99, ex 2710 19 43, ex 2710 19 46, ex 2710 19 47, ex 2710 20 11, ex 2710 20 16, ex 3824 99 92, ex 3826 00 10 agus ex 3826 00 90, a chuirtear chun bealaigh ón tSín agus ón Ríocht Aontaithe, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Síne agus de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad nó ná bíodh, (cóid TARIC 1516209822, 1516209823, 1516209831, 1516209832, 1518009122, 1518009123, 1518009131, 1518009132, 1518009510, 1518009511, 1518009922, 1518009923, 1518009931, 1518009932, 2710194322, 2710194323, 2710194331, 2710194332, 2710194622, 2710194623, 2710194631, 2710194632, 2710194722, 2710194723, 2710194731, 2710194732, 2710201122, 2710201123, 2710201131, 2710201132, 2710201622, 2710201623, 2710201631, 2710201632, 2710201691, 2710201692, 3824999211, 3824999213, 3824999215, 3824999216, 3826001021, 3826001022, 3826001051, 3826001052, 3826001090, 3826001091, 3826009012, 3826009013, 3826009031 agus 3826009032).

Airteagal 2

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1637.

([5]) IO C 326, 26.10.2012, lch. 188.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN